II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1040 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lotnaidicídí i mbia chun críocha speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos, i measc saincheisteanna eile, ceanglais shonracha maidir le lotnaidicídí agus a n-iarmhair, i mbia chun críoch speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128, sainmhínítear iarmhar lotnaidicídí trí úsáid a bhaint as téarmaíocht Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Mar sin féin, le hAirteagal 3(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) déantar foráil maidir le sainmhíniú níos beaichte ar iarmhair lotnaidicídí.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is gá an sainmhíniú ar iarmhar lotnaidicíde atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 a ailíniú leis an sainmhíniú atá in Airteagal 3(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(5) Agus é á chur san áireamh gur cheart feidhm a bheith ag sainmhínithe na n-iarmhar maidir le substaintí gníomhacha mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí gan a áireamh ach máthairchomhdhúile na substaintí gníomhacha sna liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 i bhfianaise leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

([1]) IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine (IO L 25, 2.2.2016, lch. 30).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 3, mír 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128:

"1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'iarmhar' iarmhar lotnaidicíde dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005."

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

"IARSCRÍBHINN II

SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(3)

Ainm ceimiceach mháthairchomhdhúil na substainte	Uasleibhéal na n-iarmhar (mg/kg)
Cadúsafos	0,006
Démheatón-S-meitil Démheatón-S-meitil sulfóin Ocsaideimeatón-meitil	0,006
Eataprófos	0,008
Fiprinil	0,004
Próipineib	0,006"

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III:

'IARSCRÍBHINN III

SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(4)

Ainm ceimiceach mháthairchomhdhúil na substainte ([1])
Aildrin Déshulfatón Dé-eildrin Eindrin Feansulfaitian Feintin Halocsafop Heipteaclór Heicseaclóraibeinséin Nítrifein Óimeatóáit Tearbúfos"

([1]) Tá feidhm ag an sainmhíniú is déanaí ar iarmhar a leagtar síos san Iarscríbhinn lena mbaineann as measc Iarscríbhinní II, III, IV nó V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 (luaitear an sainmhíniú ar iarmhar idir lúibíní tar éis mháthairchomhdhúil na substainte).